Cód Iómpar agus Smachta

Tá cód iompair agus smachta i bhfeidhm sa scoil seo le fada an lá. Táimíd taréis é a iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh air agus seo thíos an toradh atá ar ár gcuid oibre – polasaí leasaithe atá aontaithe ag foireann teagaisc, Bord Bainistíochta na scoile agus Coiste na dTuismitheoirí – agus é ag dul de réir na treoirlínte náisiúnta atá leagtha síos ag an B.N.L.O.

'Sé an dualgas atá ar an scoil seo ná;

- Oideachas a chur ar na páistí
- Iad a ullmhú don saol a bheidh amach rompú agus
- Cabhrú leo fás suas ina saoránaigh mhaithe chomh maith le
- Meas ceart a bheith acu a dtír, a dteanga dúchais agus gach gné dechultúir na tíre.

Freisin spreagtar iad le go mbeadh meas ceart acu;

- Ar a gcomh n-aos
- Ar a múinteoirí scoile
- Ar na h-údaráis éagsúla agus ar a dtuismitheoirí.
- Spreagtar comhoibriú agus teangmháil rialta idir údaráis na scoile agus tuismitheoirí na bpáistí.
- Is trén comh-oibriú dearfach seo idir bainistíocht, Príomh Oide, oidí, tuismitheoirí agus páistí na scoile a chinnteoidh go mbeidh atmasféar deas taitneamh sa scoil, rud a chuirfidh díogras chun oibre ar ghach éinne.
- Caithfear leis na páistí go léir mar a chéile. Níl sé de cheart ag aon pháiste cur isteach ar obair múinteora ná obair páiste eile.
- Tá sé iontuigthe go dtabharfadh na tuismitheoirí go léir comhoibriú do na múinteoirí agus do bhainistíocht na scoile ar mhaithe lena bpáistí féin.

Aidhmeanna (Aims)

- Cinntiú go gcuirtear timpeallacht oideachasúil ar fáil.
- Cur ar chumas na scoile feidhmiú ar bhealach ordúil ionas gur féidir le leanaí dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbartha.
- Atmaisféar a chruthú ina bhfuil meas agus tuiscint ar a chéile agus ina nglactar le daoine.

- Iompar dearfach agus féinsmacht a chothú, ag tabhairt airde ar na difríochtaí idir páistí agus an gá le freastal ar na difríochtaí sin.
- Sábháilteacht agus dea-bhraistint gach ball den phobal scoile a chinntiú.
- Cabhrú le tuismitheoirí agus daltaí tuiscint a fháil ar na córais agus na nósanna imeachta atá mar chuid den chód iompair agus a gcomhoibriú a lorg agus na nósanna imeachta sin á gcur i bhfeidhm.
- Cinntiú go gcuirtear an córas rialacha, duaiseanna agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus comhleanúnach ar fud na scoile

Rialacha Ginearálta Scoile

- Go mbeidh cumarsáid iomlán á dheanamh ag gach páiste tré Ghaeilge seachas ag am an Béarla
- Go mbeadh meas ag páistí orthu féin agus ar dhaoine eile.
- Go léireoidh gach dalta meas ar mhaoin na scoile, maoin leanaí eile, maoin na múinteoirí agus a maoin féin.
- Go mbeadh páistí béasach, macánta agus ionraic le pobal na scoile, foireann, páistí, tuismitheoirí agus cuairteoirí.
- Go bhfreastalóidh gach dalta ar scoil ar bhonn rialta agus go mbeidh siad ann in am.
- Go mbeadh dea-iompar ó gach páiste agus go léireoidh gach dalta tuiscint ar leanaí eile agus ar dhaoine fásta.
- Go mbeadh páistí cineálta lena gcomhleacaithe agus go mbeadh siad toilteanach cuidiú le daoine eile.
- Go ndéanfaidh gach dalta a d(h)ícheall ar scoil agus san obair bhaile.
- Go mbeadh páistí in ann bealaí urramacha a úsáid chun deacrachtaí agus coimhlintí a réiteach.
- Go mbeadh dea-theanga ar a mbéal acu.
- Nach mbeadh páistí ag rith nó ag scréadáil in áit ar bith seachas an clós.

Freagrachtaí

Freagrachtaí an Bord Bainistíochta

- Timpeallacht compórdach agus sábhálta a chur ar fáil.
- Tacaíocht a thabhairt don bpríomhoide agus an fhoireann chun an cód iompar a chur i bhfeidhm.
- Daingniú a dhéanamh ar an gcód.

Freagrachtaí an bPríomhoide

- Atmasféar dearfach a chur chun tosaigh sa scoil.
- Cinnte a dhéanamh go bhfuil an gcód á chur i bhfeidhm go cothrom agus go cóir.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcód de réir mar is gá.

Freagrachtaí an Oide

- An cód a thacú agus a chur i bhfeidhm.
- Timpeallacht sábhálta a chur ar fáil do na daltaí.
- Aitheantas agus moladh a thabhairt do deá obair.
- Obair a ullmhú don rang agus obair na bpáistí a cheartú.
- Aitheantas a thabhairt don éagsúlacht i measc na bpáistí sa rang agus obair in oiriúnt a chur ar fáil.
- A bheith béasach, cothrom agus cóir.
- Gan deiseanna do mí iompar a chur ar fáil.
- Deileáil le droch iompar.
- Tuariscí a choimead do dhroch iompar dairíre no droch iompar leanúnach.
- Tacaíocht a thabhairt do comhleacaí.
- Teagmháil a dhéanamh le tuismitheóirí nuair is gá agus cuaiseanna buairt a phlé.

Freagrachtaí na ndaltaí

- A bheith ar scoil go rialta agus in am.
- Éisteacht le na múinteoirí agus treoracha a leanúint.
- Meas a thaispeáint do gach baill don comhphobal scoile.
- Meas a bheith agat ar treallamh scoile agus rudaí a bhaineann le páistí eile sa scoil.
- Gan aon rud a dhéanamh a bheadh contúirteach dóibh fein nó aon páiste eile.
- Gan rudaí gránna a rá faoi daoine eile agus gan droch teanga a usáid.
- Páistí eile a chur san áireamh i gcluichí agus imeachtaí.
- Na leabhair / ábhair scoile ceart a thabhairt ar scoil.
- Rialacha na scoile agus an rang a leanúint**.**

Freagrachtaí Tuismitheóirí / Caomhnóirí

- Cruinnuithe le tuismitheóirí : Le do thoil dean coinne tríd an oifig má tá tú ag lorg cruinniú leis an múinteoir ranga nó an bpríomhoide. Ba chór aon fhaidhb a phlé leis an múinteoir ranga ar dtús. Déanfar coinne a eagrú tríd an oifig agus ba chór a chur in iúil don scoil muna bhfuil ar do chumas an coinne sin a choimead. Is feidir nóta a chur chuig an oide sa Dialann Obair Bhaile chomh maith. Ní dhéanfar aon cruinniú a eagrú le múinteóirí ranga i rith an lá scoile.
- Má tá tú ag tabhairt cuairt ar an scoil sínigh isteach leis an oifig ar dtús
- Sínigh do pháiste isteach nó amach san oifig más rud é go bhfuil said déanach ag teacht ar scoil nó ag fagáil luath.
- Mol do do pháiste meas a bheith acú orthú féin agus ar treallamh / troscán scoile.
- Déanamh cinnte go bhfuil páistí ar scoil go rialta agus in am. Tabhair le fios don scoil aon cúis asláithreacht.
- Suim a bheith acú agus tacaíocht a thabhairt d'obair scoile a bpáistí.
- A bheith eolach ar an gcód iompar agus tacaíocht a thabhairt chun é a chur i bhfeidhm.
- Có-oibriú a dhéanamh le múinteoirí sa chás go bhfuil iompar do pháiste ag cruthú deacrachtaí do phaistí eile.

- Labhairt leis an scoil faoi aon rud a bheadh mar cúis cur isteach ar dul chun cinn do pháiste.
- Éide scoile ceart agus fearais scoile ceart a chur ar fáil dod' pháiste.
- A bheith béasach leis an bhfoireann agus páistí na scoile.
- Feitheóireacht ceart a dhéanamh ar pháistí óga ar láthair na scoile agus tú ag bailiú do pháiste nó ag tabhairt cuairt ar an scoil .
- Gan dul isteach in aon seomra ranga nuair nach bhfuil an oide ann.
- Gan peataí nó madraí a thabhairt ar láthair na scoil (fiú agus téad orthú).
- Ó tharla go bhfuil freagracht ag an mbord bainistíocht do sláinte agus sábháltacht gach baill foirne agus gach dalta scoile iarrtar ar thuismitheoirí gan íde béal a thabhairt do pháiste aon duine eile sa scoil.
- Gan tabac a chaitheamh sa scoil, sa chlós nó ag aon imeacht scoile.

Stráitéisí

Déanfar gach iarracht an cód iompar seo a chuir i bhfeidhm i slí dearfach agus cuirfear béim ar leanaí a mholadh. Tá ar gcóras dírithe ar pháistí aonair, ar ghrúpaí agus ar an rang iomlán: **"Mol an óige agus tiocfaidh sí".**

- Moladh ó bhéil *(A quiet word or gesture to show approval)*
- Moladh scríofa i gcóipleabhar an pháiste *(A comment in a pupil's copybook)*
- Moladh ó mhúinteoir eile, leas phríomhoide, Príomhoide *(Words of praise from other staff members, Deputy Principal, Principal)*
- Moladh a thabhairt os comhair grúpa/daoine eile *(A word of praise in front of a group or class)*
- Pribhléid/Freagracht Speisialta a thabhairt *(Delegating some special responsibility or privilege)*
- Moladh a thabhairt do pháiste os comhair tuismitheoir/caomhnóir *(Praising a child in front of a parent/guardian)*
- Nóta molta a scríobh sa dialann obair bhaile *(A note of praise written in child's school diary)*

Molaimid an dea-iompar i gcónaí agus cuirimid i gcuimhne do na páistí (le tacaíocht na dtuismitheoirí) go rialta cé chomh tábhachtach agus atá sé a bheith cóir agus ceart lena chéile agus leis na h-oidí éagsúla a bhíonn ag plé seo.

Córas Luaíochta (Reward System)
Tá córas luaíochta i bhfeidhm sa scoil chun aitheantas a thabhairt do pháistí maidir le dea-iompar, dul chun cinn agus dícheall.
Ina measc tá:

- An t-oide ag moladh an pháiste go poiblí.
- An t-oide/an scoil ag tabhairt le fios do thuismitheoirí an pháiste go bhfuil iompar a bpáistí thar barr.
- Duaiseanna agus Dreasachtaí *(Rewards & Incentives)*

Seo a leanas samplaí de dhuaiseanna agus dreasachtaí i láthair na huaire
(The following are examples of reward systems currently in use in our school)

Bun Ranganna *(Junior Classes)*

- Sticéirí *(stickers),*
- Suaitheantas *(merit badge),*
- Teastas *(certificate),*
- Réaltaí ar chairt / ar an gclár bán idirghníomhach *(star charts / group charts on interactive white board),*
- Am órga *(golden time),*
- Saor shúgradh *(free play),*
- Cartúin TG4 *(TG4 cartoons),*
- Duaiseanna do ghrúpa/páistí aonair *(group/individual awards),*
- Cainteoir na Seachtaine,
- Bosca draíochta *(prize box).*

Meán Ranganna *(Middle Classes)*

- Sticéirí & réaltaí *(stickers in journals/copies),*
- Córas ar líne *m.sh.* Class Dojo *(Class Dojo – online reward system),*
- Pas obair bhaile saor *(homework off passes),*
- Ticéid do chrannchur *(tickets for weekly draw),*
- Am órga *(golden time),*
- Am iPads *(iPad time),*
- Gaeilgeóir na Seachtaine,
- Bosca duaiseanna *(prize box),*
- Bácáil *(baking).*

Ard Ranganna (Senior Classes)

- Gaeilgeoir na Seachtaine
- Pas obair bhaile saor (homework pass)
- Am órga (golden time)
- ipads
- Cluichí bord (board games)
- Bácáil (baking)

- Glacaimid go léir leis nach ionann aon dá pháiste ó thaobh – abaltacht, cuinsí aonaracha, riachtainisí, pearsantacht ar leith ná cúlra de. Ach, ag an am gcéanna tá sé iontuigthe gur gá polasaí dearfach a bheith ag an scoil maidir le h-iompar agus smacht chomh maith le cód riailbhéasa agus ar araíontactha.
- Déantar soiléir do na páistí agus dá dtuismitheoirí go bliaintiúil cad iad na caighdeáin tuartha lena mbímíd ag súil agus iad faoin ár gcúram. Nuair a tharlaíonn cor-smachta, tá córas i bhfeidhm chun deileáil leis.

Cur chuige scoil iomlán maidir le h-iompar dearfach a chur chun cinn

- Cuirtear béim faoi leith ar atmaisféar/timpeallacht dearfach a chruthú sa rang agus sa scoil a thacóidh agus a chothóidh le dea-iompar m.sh dea-iompar a mholadh agus a chur chun cinn le go mbeadh gach páiste sásta agus sábháilte ina dtimpeallacht scoile.
- Déanann an fhoireann cinnte de go dtugann siad dea-shampla i gcónaí, go bhfuilimid mar rólchuspaí maithe.
- Tugtar moladh do dheá-iompar trí mheascán de na straitéisí thíos a úsáid:
    - Focal ciúin chun dea-mheas nó do shásamh a chur in iúl m.sh Is maith liom an doigh a ndúirt tú/a ndearna tú & rl.
    - Léirmheas a scríobh i gcóipleabhar an pháiste.
    - Cuairt a thabhairt ar mhúinteoirí eile nó ar an bPríomhoide i gcóir moladh.
    - Focal molta os comhair grúpa nó rang.
    - Ag tabhairt freagracht speisialta nó príbhléid m.sh Am Órga v Focal molta le tuismitheoir – scríofa nó labhartha
    - Aitheantas difriúil a fháil m.sh suaitheantas, teastas,
    - Dalta na Seachtaine / Gaeiligóir na Seachtaine

1. <u>An cur chuige sa Rang</u> *(<u>Classroom Strategies</u>)*

Tá rialacha ranga leagtha síos – a chuirfidh i gcuimhne do na páistí cad atá ceadaithe, sásúil agus cad nách bhfuil. Tá siad ag freagairt do cad leis go mbeifí ag súil agus na páistí ag feidhmiú sa rang:
Tá siad céimnithe ag dul de réir aoise agus ranga.

- Gaeilge a labhairt
- ligint don oide múineadh
- ligint do na páistí eile atá sa rang foghlaim i suíomh sábhailte
- tabhairt faoin c(h)uid oibre/foghlama chomh díograiseach agus is féidir léi/leis
- a bheith béasach agus cóir le gach einne.

Tá córas ag an oide ranga maidir le conas deileáil le briseadh na rialacha seo.

Seo mar a dhéantar plé le iompar mi shásúil;

A. Plé

Dul chun réasúin leis an dalta go ciúin

Discussion:*Reasoning with the pupil quietly.*

B. **Comhairle**

Comhairle a leasa a chur ar an dalta agus tagairt a dhéanamh do rialacha an ranga.

Advice:*Advise pupil regarding appropriate behaviour and making reference to class rules.*

C. **Geallúint**

Tugann an páiste geallúint ó bhéil, tréan iarracht a n-iompar a fheabhsú.

Promise:*Pupil promises to make a greater effort to improve/ work on their behaviour*.

D. **Conradh Sínithe:**

I Ranganna 2-6 síníonn an pháiste conradh. Is foirm taifead é seo do gheallúint an pháiste. Léiríonn sé go bhfuil an leanbh sásta/ullamh chun an iompar a fheabhsú.

Idirghabháil an Phríomhoide *(Intervention of Principal*):

A. Comhairle

- Comhrá leis an dalta
- Ceartúcháin.

Advice

- *General talk/discussion with the pupil.*
- *Reprimanding.*

B. Smachtbhannaí

1. Foláireamh ó bhéal a thabhairt.
2. Pribhléidí a bhaint de/di.
3. Tuairsic a choimeád ar drochiompar tromchúiseach.

Advice

1. *Pupil is reminded, cautioned and corrected.*
2. *Loss of privileges.*
3. *Serious misbehaviour is recorded.*

C. Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhoide cuirfidh an Múinteoir Ranga litir fhoirmiúil chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí.

Parents/Guardians:

Formal letter to parents/guardians from Class teacher following communication with Principal.

2. <u>An cur chuige sa Chlós</u>

Tá rialacha faoi leith i gceist nuair a bhíonn na páistí ar sos amuigh sa chlós agus oide/oidí ag tabhairt aire dóibh. Cf. polasaí clós. Arís tá siad ag freagairt do cad leis go mbeifí ag súil agus na páistí i gcomhluadar a chéile i rith am sosa:

- sos a ghlacadh
- súgradh a dhéanamh go cothrom
- Gaeilge a labhairt
- comhmheas a bheith acu ar a gcomhscoláirí

Pé uair nách dtéann páiste de réir na treoracha thuas, labhraíonn an t-oide atá ar dualgas léi/leis, cuireann oide ranga agus nó an Phríomh Oide ar an eolas más gá agus cuirtear i gcuimhne don pháiste atá i gceist a bheith ceart agus cóir feasta.

Má tharlaíonn nach bhfuil aon feabhas ag teacht ar iompar pháiste maidir le h-aon cheann de na rialacha ranga agus clóis seo, tabharfar an t-eolas don Phríomh Oide chun a t(h)acaíocht a fháil

agus chun meon dearcadh nó iompar an pháiste atá i gceist a fheabhsú agus a athrú, le tacaíocht tuismitheora nuair is gá.

3. Imeachtaí scoile eile

Tá an cód seo I bhfeidhm chomh maith agus páistí I mbun turais scoile, imeachtaí spóirt, cuairteana ar scoileanna eile &rl.

Stráitéisí chun freagairt do pháistí nach bhfuil ag labhairt as Gaeilge

1. Tabharfaidh na múinteoirí atá ar an gchlós scór amach as 5 do gach rang, má bhíonn gach dalta ag labhairt Gaeilge gheoibh an rang leis an scór is airde duais Ranga a deireadh na míosa.
2. Tabharfar aitheantas dó na ranganna atá ag iarracht mór leis an Gaeilge thar an intercom.
3. Muna bhfuil iarracht dhá dhéanamh le labhairt na Gaeilge ó Naí Shinsearaigh (théis na Nollag) go Rang a 6 cuirtear an dalta go dtí an balla ar an gclós ar feadh cúpla nóiméad.

Cinneadh an bPríomhoide:

Munar cor ró dháirire atá i gceist:-

Labhróidh sé/sí leis an bpáiste faoin gcor. Cuirfidh iachall uirthi/air abairt faoi leith a scríobh sa bhaile ar chóipleabhar faoi leith le cur i gcuimhne di/dó nach bhfuil a leithéid ceart ná ceadaithe agus conas mar ba chóir di/dó í/é féin a iompar.Béidh ar dhuine de thuismitheoirí an pháiste an obair scríofa seo a shíniú rud a thabhairfidh le fios don bPríomh Oide go bhfuil sí/sé eolach faoin gcor lena raibh baint ag an bpáiste leis agus ag súil go gcuirfeadh an tuismitheoir comhairle ar an bpáiste maidir lena (h)iompar ar scoil.

(A) Samplaí de mion-oilghníomh

- Ag cur isteach ar obair ranga
- Ag teacht ar scoil déanach
- Ag fágáil bruscar timpeall na scoile
- Gan a bheith ag caithimh an éide scoile
- A bheith droch bhéasach nó mímhúinte
- Le obair bhaile nach bhfuil déannta gan cúis maith
- A bheith taobh istigh don scoil i rith am sosa nó tar éis 1.30pm / 2.30pm gan cead

(B) Samplaí de mhór-oilghníomh

- Béarla leanúnach
- A bheith drochbhéasach le h-oide

- A bheith trodach bagrach le páiste eile – (déanfar an chor a áireamh ar charta iompair faoi leith.)
- Tromaíocht cf: An Polasaí Frith Bhulaíocht
- Troid
- Cur isteach leanúnach ar an rang
- Ag insint bréige
- Ag goid
- Ag déanamh damáiste do rudaí páiste eile
- Ag usáid teanga mí-oiriúnach
- Ag usáid fón póca i rith an la scoile

(C) Samplaí de throm-oilgníomh

- Ag fágail na scoile i rith am scoile gan cead
- Ag déanamh damáiste dairíre d'aon ghnó do chorp oide / ball foireann nó páiste eile. Tá sé tábhachtach tabhairt le fios gurb iad an scoile a dhéanfaí cinneadh faoin cén iompar a thagann faoin sainmhíniú seo
- Damáiste d'aon ghnó do fearais nó foirgneamh na scoile
- Iompar ionsaitheach / bagrach nó teanga maslach i dtreo ball foirne / páiste eile

Níl sna líostaí thuas ach samplaí agus is féidir iompar eile a chur san áireamh faoi na sain mhíniú seo.

Má tharlaíonn sé go bhfuil páiste tar éis a bheith ciontach i dtrí cásanna dá leithéid seo, cuirfear fios ar tuismitheoir(í) an pháiste chun an chás a phlé, a dtacaíocht a lorg agus geallúint a fháil ón bpáiste feabhas a chur urithi/air féin.

Is féidir leis an bPríomh Oide tuismitheoir(í) a tharraingt isteach sa scéal níos luaithe ná sin chun mí-iompair páiste a phlé agus a réiteach má mheasann sé/sí go bhfuil gá lena leithéid.

- Tarlóidh na cruinnithe seo ag am a oirfidh don bPríomh Oide, oide an pháiste agus tuismitheoir(í) an pháiste – ach iad a bheith chomh luath agus is féidir taréis an chor.
- Taréis na cruinnithe seo, béidh ar an bpáiste conradh scríofa a líonadh amach maidir lena (h)-iompar as sin amach.
- Má leanann na coranna dáirire seo ar aghaidh agus go mbíonn 5 chinn dé leithéid i gceist, tarlóidh na cruinnithe atá luaite thuas arís – ach an uair seo beidh Cathaoirleach/Bainisteoir na scoile i láthair ar son an Bhoird Bhainistíochta.
- Arís eile, lorgófar geallúint scríofa maidir le dea-iompar an té atá i gceist.

Cuirfear gach tacaíocht agus cabhair gur féidir ar fháil do na páistí trioblóideacha seo agus fiú dá dtuismitheoirí, chomh maith le h-oidí na bpáistí seo tré plé, comhairle, labhairt, éisteacht leis na daoine cuí.

Tá cabhair sheachtrach/breise ar fáil ó:-

- comhoirdneoir scoile agus baile
- éascaitheoir S.C.P.

- Seirbhís cabhairtheach an H.S.E. agus Ionad Cabhrach an Mater do pháistí agus teaghlaigh.
- Siceolaí N.E.P.S.
- &rl.

Coranna Bulaíochta
Deileáltar lena leithéid ar an toirt. Cf. An Polasaí Frith Bhulaíocht
Áirítear an chor
Cuirtear fios ar thuismitheoir(í)
Tógtar an pháiste ciontach ón rang, ón gclós, ón scoil – ag braith ar dháiríreacht an chor – go dtí go réitítear an fhadhb, go ngabhtar leithscéal agus go dtugtar geallúint faoina (h)iompar sa todhchaí.

Fionraí & Díbirt
Sular socraítear páiste a chur ar fionraí bainfear usáid as na gnáth córas teangmháill le tuismitheóirí atá i bhfeidhim sa scoil. Tógfar tuismitheóirí isteach sa chás go luath sa scéal seachas ag an deireadh.

Rachfar de réir an chóras imeachta aontaithe náisiúnta atá leaghta amach sna 'Treoirlínte do Scoileanna chun Cód Iompar a fhorbairt' (caibidil 10 – 12)

Tugann an Bord cead don bPríomh Oide cinneadh faoi fionraí á dhéanamh ar an bpointe más gá.

Sa chás neamhghnách go bhfuil orainn páiste a chur ar fionraí go rialta leanfar na céimeanna seo:

- Céim 1 – ar fionraí lá amháin x 3
- Céim 2 - ar fionraí 3 lá x 3 – beidh seo déannta tar eis plé idir an Phríomh Oide, an Cathaoirleach agus an Leas Phríomh Oide.
- Céim 3 – ar fionraí 5 lá x 3 – le cead an Bord Bainistíochta.

Tá sé iontuigthe agus soiléir do ghach éinne go mbaineann an chód seo le gach páiste faid 's atá siad faoi chúram agus smacht na scoile fiú maidir le himeachtaí a eagraítear taréis am scoile agus lasmuigh de – le toil agus fios an Bhoird Bhainistíochta.

Déanfar an chód seo a athbhreithniú agus a leasú de réir mar is gá, má cheapann foireann teagaisc na scoile agus/nó údaráis na scoile gur gá a leithéid a dhéanamh.

Eoin Dolan
Cathaoirleach (Chairperson)

Deirdre Ní Chonghaile
Príomhoide (Principal)

Dáta: 29.05.24